# info@ncca

ag tacú le teagasc agus foghlaim



## Céard atá HOT?

### Smaointeoireacht d'Ord Níos Airde!

leathanach 10

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta | MEÁN FÓMHAIR 2008 | Eagrán 10

**an t-eagrán seo** / Nuashonruithe / Idiraonaid / McF sa bhunscoil / Céard atá HOT? / DVD do thuismitheoirí / Réiteach fadhbanna / Athbhreithniú ar Churaclam na Bunscoile / Céard é faoin...athrú? / Ag tuairisciú do thuismitheoirí **agus i bhfad níos mó...**

NCCA
National Council for Curriculum and Assessment
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

# fáilte...

## ...chuig an deichiú eagrán de info@ncca

**Is cuma má bhí sé de mhí-ádh ort filleadh ar an scoil ag deireadh mhí Lúnasa nó má d'éirigh leat d'fhilleadh a chur siar go Meán Fómhair, fearaimid fáilte romhat ar ais chuig rithim scoilbhliana nua.**

Ócáid is ea an filleadh ar an scoil, aghaidheanna nua os do chomhair amach (agus aghaidheanna atá feicthe agat cheana!) a spreagann ceisteanna áirithe. Conas mar a bhí an samhradh? Cá ndeachaigh an samhradh? Conas mar a d'éirigh leis na ranganna scrúdúcháin? Agus áiteanna ag an tríú leibhéal? Cad í do thuairim de na ranganna nua naíonán? An bhfuil dul amú orm nó an bhfuil daltaí rang a sé níos airde ná an dream anuraidh? An bhfuil cur amach ag aon duine ar an leasphríomhoide nua? Agus an cheist is tábhachtaí ar fad, an ceann a bhíonn in aigne gach duine ag an gcéad chruinniú foirne – cathain a bheidh an briseadh lár-théarma? Níl anseo ach cuid de na smaointe fánacha a bhuaileann múinteoir atá ag filleadh ar an obair.

Agus baineann an t-eagrán seo uile le smaointeoireacht. Tá alt ann a leagann amach roinnt smaointe faoi conas a chuirimid athrú i bhfeidhm in oideachas na hÉireann. I *dTionscadal Mata*, a raibh an oiread sin cainte faoi, gheofar an smaointeoireacht is déanaí mar gheall ar bhealaí le dearcthaí agus cineálacha cur chuige i leith na matamaitice a athrú. Lena chois sin, is féidir leat triall a bhaint as roinnt de na straitéisí teagaisc san alt 'hot' faoi smaointeoireacht d'ord níos airde agus ceisteanna a chur sa rang. Chomh maith leis sin, tá go leor deiseanna san eagrán seo smaoineamh ar mheasúnú agus tuairisciú, agus tá roinnt moltaí is féidir leat iad a chur i ngníomh, i ndiaidh smaoineamh orthu!

San eagrán seo freisin, déanaimid machnamh ar an méid atá bainte amach againn go dtí seo agus ar an méid atá fós le teacht. Is féidir leat léamh faoi roinnt torthaí a d'eascair as an dara céim den athbhreithniú ar Churaclam na Bunscoile, curaclam atá ar an saol anois ar feadh beagnach deich mbliana! Is féidir leat smaoineamh ar an todhchaí freisin – déantar cur síos ar na pleananna do chomhchomhairle faoi churaclam agus measúnacht sa tsraith shinsearach. Bainfidh tábhacht ar leith le 2010 don obair sin. Seoladh i mí Mheán Fómhair 2003 í le bileog dar teideal *Developing Senior Cycle Education: Directions for Development*. Ag an am sin, leagadh síos léaslíne de 2010 agus 'an treo ina mbeadh forbairtí sa tsraith shinsearach ag dul faoin tráth sin'.

Léigh faoin méid atá déanta againn ó 2003, agus smaoinigh ar na hathruithe i bhur scoileanna agus seomraí ranga ó shin i leith. A lán rudaí ar fiú smaoineamh orthu!



Anne Looney
An Príomhfheidhmeannach
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

# céard atá san eagrán seo


| | |
|---|---|
| Nuashonruithe | 4 |
| Idiraonaid | 6 |
| McF sa bhunscoil | 8 |
| Céard atá HOT? | 10 |
| DVD do thuismitheoirí | 13 |
| Réiteach fadhbanna | 14 |
| Athbhreithniú ar Churaclam na Bunscoile | 16 |
| Céard é faoin...athrú? | 17 |
| Tuairisciú do thuismitheoirí | 18 |


## Ag tacú le teagasc agus foghlaim...


Foilsítear **info@ncca** trí huaire i rith na scoilbhliana, i mí Mheán Fómhair, i mí Eanáir agus i mí Aibreáin.

Dáiltear cóipeanna ar mhúinteoirí i ngach bunscoil agus gach iar-bhunscoil sa tír. Is féidir leaganacha leictreonacha den nuachtlitir, as Gaeilge agus as Béarla, a íoslódáil ónár láithreán gréasáin, **www.ncca.ie**. Má tá cóipeanna breise de **info@ncca.ie** de dhíth ar do scoilse, cuir iarratas chugainn le ríomhphost nó sa phost.

Cuirimid fáilte roimh ailt ó mhúinteoirí mar aon le tuairimí agus ceisteanna faoi ábhar na nuachtlitreach.



Sonraí teagmhála:

Ríomhphost: **newsletter@ncca.ie**
Facs: **01 661 7180**
Láithreán Gréasáin: **www.ncca.ie**

Seoladh Poist: **Eagarthóir, info@ncca.ie**
**An Chomhairle Náisiúnta**
**Curaclaim agus Measúnachta**
**24 Cearnóg Mhuirfean**
**Baile Átha Cliath 2**

# Nuashonruithe

## Foghlaim i suímh choinneála/chúraim



Gabhaimid fíorbhuíochas leis na múinteoirí, baill foirne cúraim, bainisteoirí agus páirtithe leasmhara eile a thug freagraí ar an gceistneoir comhairliúcháin faoin dréacht-chreat curaclaim do scoileanna coinneála leanaí, aonaid ardtacaíochta agus aonaid chúraim speisialta.  Is mór dúinn bhur gcuid ionchuir. Tá tuairisc faoin gcomhairliúchán a dhéanann cur síos ar bhur dtuairimí, bhur n-ionchais agus bhur moltaí don chreat ar fáil ar láithreán gréasáin na CNCM. Chun bheith cothrom le dáta le forbairtí, téigh chuig **www.ncca.ie/postprimary** agus cliceáil ar an nasc 'Dréacht-Chreat do shuímh Choinneála/Chúraim'.

## Bileog eolais do mhúinteoirí naíonán

Scaipfidh an CNCM bileog eolais ar na scoileanna uile san fhómhar seo a thabharfaidh freagraí ar roinnt ceisteanna coitianta faoin gCreat don Luathfhoghlaim. Beidh an Creat ar fáil ar **www.ncca.ie** faoi dheireadh na bliana seo agus foilseofar in 2009 é. Má tá tuilleadh faisnéise uait, coinnigh súil amach don bhileog i do scoilse sna seachtainí amach romhainn.

## Measúnú múnlaitheach


Tá an páipéar cúlra faoi thacú le luathfhoghlaim agus luathfhorbairt leanaí trí mheasúnú múnlaitheach ar an bpáipéar cúlra deiridh i sraith a dhéanann achoimre ar chuid mhaith den taighde a úsáideadh chun an *Creat don Luathfhoghlaim* a fhorbairt. Agus é scríofa ag an Dr Elizabeth Dunphy ó Choláiste Pádraig, Droim Conrach, tá an páipéar seo ar fáil ar láithreán gréasáin na CNCM ag **www.ncca.ie/backgroundpapers.**



## Tuairisciú sa bhunscoil

Anois, is féidir tuarascáil a íoslódáil ó **www.ncca.ie** faoin taighde a rinne foireann ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh (UCC) faoi stiúir an Ollaimh Kathy Hall thar ceann na CNCM. An teideal ar an staidéar ná *Reporting to Parents in Primary School: Communication, Meaning and Learning* agus dearadh é chun faisnéis a bhailiú faoi chleachtais tuairiscithe scoileanna. Rinne an taighde scrúdú ar dhearcadh agus ar sheasaimh phríomhoidí, mhúinteoirí, leanaí agus thuismitheoirí maidir leis an bpróiseas tuairiscithe agus an úsáid a bhaintear as i scoileanna agus sa bhaile. Bhí suirbhé ar bhreis agus 400 bunscoil agus cás-staidéir ar shé scoil san áireamh ann.

## Eolaíocht sa bhunscoil



Tugadh an tuarascáil deiridh ar Chéim 1 de *Eolaíocht i mBunscoileanna* chun críche. Sa taighde sin, a bhí coimisiúnaithe ag an CNCM, dhírigh na húdair Janet Varley, Clíona Murphy agus Orlaith Veale ó Choláiste Pádraig ar eispéiris maidir le teagasc agus foghlaim na heolaíochta san oideachas bunscoile. Fuair an tuarascáil gur bhain leanaí taitneamh as foghlaim san eolaíocht, agus go raibh siad thar a bheith dearfach faoi eolaíocht 'theagmhálach'. De réir dealraimh, bhí deiseanna acu páirt a ghlacach i ngníomhaíochtaí praiticiúla, oibriú le chéile agus úsáid a bhaint as raon scileanna eolaíocha. Chomh maith leis sin, d'aithin an tuarascáil cúiseanna imní, lena n-áirítear cé chomh minic agus a bhí deis ag leanaí foghlaim trí ghníomhaíochtaí praiticiúla. Rinneadh scrúdú freisin ar dhearcadh leanaí faoi chuir chuige teagaisc agus foghlama áirithe, mar shampla léamh agus scríobh, nithe a chóipeáil ón gclár dubh agus téacsleabhair a úsáid. Tá an tuarascáil iomlán ar fáil ar láithreán gréasáin na CNCM.

## Leideanna úsáideacha do mhic léinn ag déanamh an dioplóma iarchéime



Braitheann tú faoi bhrú agus tú ag ullmhú le haghaidh do shaoil nua sa seomra ranga? Lig don CNCM cabhrú leat! Sa Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM), táimid freagrach as forbairtí i gcuraclam agus measúnacht. Logáil isteach ar ár láithreán gréasáin **www.ncca.ie** chun faisnéis a fháil faoin obair atá déanta againn go dtí seo agus faoin obair atá ar siúl againn i láthair na huaire. Déan na siollabais agus treoirlínte iar-bhunscoile le haghaidh d'ábhar a íoslódáil ó **www.curriculumonline.ie**

An bhfuil tú ag lorg eolais soiléir, chomair faoin gcuma a bheidh ar d'ábhair sa tsraith shóisearach? Tugann na Bileoga Fíricí don Teastas Sóisearach foramharc ar gach ábhar, eolas faoi conas a fhorbraíonn an t-ábhar idir an bhunscoil agus an iar-bhunscoil agus seoltaí roinnt láithreán gréasáin úsáideach.  Is féidir na bileoga fíricí a íoslódáil ó **www.ncca.ie**

Féach ar ACTION, a chiallaíonn **A**ssessment, **C**urriculum and **T**eaching **I**nnovation **O**n the **N**et. Is láithreán gréasáin áisiúil le haghaidh múinteoirí é ACTION atá deartha chun cabhair a thabhairt le do chleachtas seomra ranga. Anseo tá pleananna ceachta samplacha, na hábhair a bhaineann le Measúnú chun Foghlama (McF), an creat TFC agus i bhfad níos mó. Logáil isteach ar **www.action.ncca.ie**

Ar deireadh, foilsíonn an CNCM **info@ncca**. Foilsítear nuacht agus ailt faoi shaincheisteanna a bhaineann le curaclam agus measúnacht san iris. Beidh cóipeanna crua de **info@ncca** ar fáil i do scoil. Nó is féidir leat é a íoslódáil ó **www.ncca.ie/news/newsletter**. D'fhéadfá fiú síntiús a ghlacadh le haghaidh do leagan ar líne féin, a sheachadfaí chugat 3 huaire gach bliain, tríd an bhfoirm síntiúis ar láithreán gréasáin na CNCM a chomhlánú.

# Tuairiscí ar dhul chun cinn agus tionscnaimh nua

## Láithreán gréasáin ACTION

San eagrán de **info@ncca** i mí na Bealtaine, luamar ár láithreán gréasáin nua **ACTION**. Tá **ACTION** ar fáil beo anois agus is féidir rochtain a fháil air ag an seoladh **www.action.ncca.ie**. Tá foirm aiseolais ar gach leathanach chun deis a thabhairt duit do thuairim faoi a chur in iúl, agus ná déan dearmad féachaint air go rialta mar beimid ag cur níos mó rudaí ar an láithreán gréasáin de réir a chéile.




## Béarla mar theanga bhreise

Tá *English as an Additional Language in Primary Schools: Guidelines for Teachers* ar fáil ar ár láithreán gréasáin ó 2006. Ó shin, d'oibríomar le scoileanna chun ábhair a bhailiú a chomhlánaíonn an chuid de na treoirlínte a bhaineann le modhanna teagaisc. Bhailíomar píosaí scannáin agus grianghraif de ranganna ag gníomhú, ábhair ginte ag múinteoirí nuair a d'úsáid siad na modhanna teagaisc leagtha amach sna treoirlínte agus saothar daltaí a táirgeadh le linn na gceachtanna sin. Tá na hábhair sin ar fáil in éineacht leis na treoirlínte ar ár láithreán gréasáin nua **ACTION**. Féach ar **www.action.ncca.ie** duit féin agus inis dúinn céard a cheapann tú!

**Le tuilleadh faisnéise a fháil ar aon cheann de na tionscadail a luaitear ar an leathanach seo, tabhair cuairt ar ár láithreán gréasáin www.ncca.ie. Chun tuairim a thabhairt faoi info@ncca nó chun topaicí ar chóir dúinn déileáil leo a mholadh, seol ríomhphost chuig: newsletter@ncca.ie**

## An tSraith Shinsearach: ag bogadh chun cinn




### Comhairliúchán: cuir do chuid tuairimí in iúl

Bíonn go leor ar siúl i scoileanna na sraithe sinsearaí, agus tá go leor ar siúl maidir leis an tsraith shinsearach sa CNCM freisin. Bhí bhur n-eagraíochtaí ionadaíocha an-ghnóthach ag boird choistí na CNCM ag cinntiú go dtacódh na hathruithe ar an gcuraclam le foghlaim bhríoch a bheadh ábhartha do shaolta na ndaltaí, agus a bheadh suimiúil agus fiúntach do mhúinteoirí.

Anois táimid beagnach ag an gcéim ag a dteastaíonn uainn tuairimí a chloisteáil ó ghrúpa níos leithne de pháirtithe leasmhara, lena n-áirítear múinteoirí, bainisteoirí scoile, daltaí agus tuismitheoirí.

### Cathain a bheidh an comhairliúchán ar siúl?

Sroichfidh na pacáistí comhairliúcháin do scoil i mí na Samhna agus beidh deis agat páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán aon tráth idir mí na Samhna 2008 agus Eanáir 2009.

### Cad iad na gnéithe den tsraith shinsearach a bheidh san áireamh?

Ba bhreá linn d'aiseolas a fháil faoi roinnt gnéithe de churaclam na sraithe sinsearaí. Is féidir leat tuairimí a thabhairt faoi ghné amháin nó faoi mórán gnéithe, beidh an rogha agat féin.

Beidh na rudaí seo a leanas san áireamh sa chomhairliúchán:

- foramharc a thugann breac-chuntas ar churaclam na sraithe sinsearaí
- dréacht-siollabais lena n-áirítear na hábhair Eolaíochta agus Polaitíocht agus an tSochaí
- gearrchúrsaí samplacha
- ábhar ó Thionscadal Mata

Beidh na hábhair ghinearálta ar fáil mar chóipeanna priontáilte agus beidh na siollabais ábhair ar fáil ar CD-ROM.

### Conas is féidir liom páirt a ghlacadh?

Dearfar an pacáiste comhairliúcháin ar bhealach a chuirfidh ar do chumas páirt a ghlacadh i bplé le foireann uile na scoile agus aiseolas a chur ar fáil ar an mbonn sin. Beidh tú in ann rochtain a fháil ar na hábhair chomhairliúcháin uile ag **www.ncca.ie/seniorcycle** agus freagra a thabhairt ar líne freisin. Lena chois sin, eagrófar seimineáir réigiúnacha trí mheán na nIonad Oideachais agus beidh sonraí fúthu sin ar fáil ar an láithreán gréasáin. Cuirtear fáilte freisin roimh aiseolas ó dhaoine aonair maidir le gné amháin nó níos mó den chomhairliúchán.

# Idiraonaid

## Cuir chuige maidir le measúnú

**San eagrán deiridh de info@ncca (Eagrán 9, ar fáil le haghaidh íoslódála ó www.ncca.ie), rinneamar cur síos ar roinnt de na céimeanna i gceist le hidiraonaid (IA) a scríobh de réir theimpléid na CNCM. San alt seo féachaimid ar na cuir chuige measúnaithe a d'fhéadfá a úsáid agus idiraonad á fhorbairt nó á theagasc agat, nó a d'fhéadfá a úsáid go ginearálta le do ranganna eile.**

Sula leanaimid ar aghaidh, tá sé tábhachtach a rá gur chóir am measúnaithe a chuimsiú san IA 45 uair an chloig agus nár chóir féachaint air mar ghné fhorlíontach. Ná déan dearmad nach 'ábhair scrúdaithe' iad na IA-anna - ní dhéanfar measúnú seachtrach orthu agus níl 'pointí' ar fáil dóibh.

An cuspóir le measúnú in idiraonaid ná aiseolas an-mhaith a chur ar fáil do dhaltaí faoi céard atá foghlamtha acu agus céard atá bainte amach acu san aonad, agus faoi conas is féidir leo feabhas a chur ar a gcuid foghlama anois agus sa todhchaí. I ndáiríre, is cur chuige a bhaineann le Measúnú chun Foghlama (McF) é seo. Chomh maith leis sin, beidh na rudaí a gheobhaidh tú amach tríd an measúnú mar chabhair duit chun aon bhearnaí i bhfoghlaim nó i dtuiscint na ndaltaí a fheiceáil, agus ábhar an aonaid nó do chuir chuige teagaisc a oiriúnú i bhfianaise na mbearnaí sin.

I measc eile, féadfar leas a bhaint as na modhanna measúnaithe seo a leanas:

- tionscadal
- fillteán
- aiste
- tuairisc
- agallamh
- láithreachas ó bhéal
- féinmheasúnú
- dialann foghlama a choinneáil
- scrúdú deireadh aonaid

Ach ná bain úsáid astu uile in aonad amháin! Má dhéanann tú iarracht gach rud a fhoghlaimíonn nó a dhéanann an dalta a mheasúnú, leagfaidh tú ualach iomarcach ar do dhaltaí agus ort féin! I gcomhthéacs IA-anna, molaimid modh measúnaithe amháin, nó dhá cheann ar a mhéid, a roghnú.

### An rogha cheart

Nuair a dhéanann tú cinneadh faoi conas is fearr IA a mheasúnú, is mór an chabhair í an cheist seo a leanas a chur: *Cad iad na rudaí an-tábhachtacha atá súil agam go bhfoghlaimeoidh na daltaí iad san idiraonad seo?* Leis an gceist seo, is féidir athdhíriú ar aidhmeanna agus torthaí foghlama an aonaid agus ar an mbealach ina dtarlaíonn an fhoghlaim. Mar shampla, dá mbeadh IA dar teideal *Scileanna Cainte agus Cumarsáide* á chur ar fáil, seans gur an bealach is fearr le measúnú a dhéanamh air ná trí mheán láithreachais ó bhéal; dá mbeadh an teideal *Staidéar Imshaoil* ar an IA, d'fhéadfaí é a mheasúnú le tionscadal ina ndearann daltaí bealaí chun 'lorg carbóin' na scoile a laghdú, agus d'fhéadfaí IA dar teideal *Seirbhís don Phobal* a mheasúnú trí dhialann a bheadh curtha i láthair ag na daltaí faoina socrúchán oibre pobalbhunaithe.

### Roinnt modhanna measúnaithe ar fiú iad a mheas

*Tugann idiraonaid deis duit leas a bhaint as cuir chuige nua maidir le measúnú. Mar sin, céard faoi fhéinmheasúnú nó piarmheasúnú a dhéanamh le do dhaltaí?*

- ***Féinmheasúnú ag baint úsáide as proforma measúnaithe*** - is éard atá i gceist le proforma measúnaithe ná cineál seicliosta atá comhdheartha ag daltaí agus múinteoirí. Tugann an múinteoir píosa oibre do na daltaí, agus iarrann sé nó sí orthu an cheist seo a leanas a phlé: *Cad iad na critéir a d'úsáidfeá chun a mheas an raibh píosa oibre ar fheabhas?*

Ansin, is féidir liosta de *chritéir ratha* a aontú agus is féidir é sin a úsáid mar bhonn an mheasúnaithe nuair a chuirfear an píosa oibre ar fáil.

- ***Féinmheasúnú trí leas a bhaint as dialann foghlama phearsanta*** – Tá sé seo thar a bheith úsáideach nuair a bhaineann an fhoghlaim le forbairt meonta agus luachanna an dalta, le cois forbairt a eolais agus a scileanna. Má fhéachann tú ar láithreán gréasáin na CNCM tá eiseamláir iontach de dhialann foghlama san idiraonad *Ireland – A Level Playing Field?* a dhear an Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaineachta. Féach ar **www.ncca.ie/seniorcycle** agus cliceáil ar na naisc le haghaidh idiraonad samplach.

- ***Piarmheasúnú*** – Ní mór piarmheasúnú a phleanáil go cúramach agus bíonn an rath is fearr uirthi nuair a thuigeann daltaí go soiléir cén chuma a bhíonn ar phíosa maith oibre. Féadfaidh proforma measúnaithe cabhrú le piarmheasúnú freisin mar cabhraíonn sé leis an dalta díriú isteach ar na critéir ratha aontaithe. Tá eiseamláir de proforma a léiríonn conas a úsáidtear piarmheasúnú in idiraonad faoin teideal *Staidéar Imshaoil* ar leathanach 6 agus tá sé ar fáil ar ár láithreán gréasáin **ACTION** freisin, ag **www.action.ncca.ie.**

- ***Piarmheasúnú i ngrúpaí*** – Is cur chuige é seo a chiallaíonn gur féidir le daltaí páirt a ghlacadh i bpiarmheasúnú ar aon phíosa oibre críochnaithe, bíodh an píosa oibre beag nó mór, in aon ábhar.

# Staidéar Imshaoil
# Measúnú ar thionscadal

**Teideal an tionscadail** ....................................................

**Curtha i láthair ag** ....................................................

**Tabhair sampla amháin de shaincheist/d'fhadhb imshaoil a cuireadh i láthair** ....................

....................................................

**Déan liosta de roinnt de na cúiseanna leis an bhfadhb imshaoil seo** ....................

....................................................

**Déan liosta de dhá bheart is féidir a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb seo/chun an fhadhb seo a athrú**

**1.** ....................................................

**2.** ....................................................

**Céard a bhí mar an ghné is fearr den tionscadal nó den láithreachas agus cén fáth?** ....................

....................................................

**An bhfuil aon mholtaí agat faoi céard a d'fhéadfaí a dhéanamh chun feabhas a chur ar an tionscadal?** ....

....................................................

**Measúnaithe ag** .................................. **Rang** .............. **Dáta** ..........

Bileog oibre shamplach don phiarmheasúnú (Forbartha ag Terry Lawless, Bré)

I ndiaidh dóibh na *critéir ratha* a aontú, déanann gach dalta an píosa oibre. Nuair a thabharfar an píosa oibre chun críche (thar thréimhse ama, thar oíche nó sa rang), eagraítear daltaí i ngrúpaí de thriúr nó ceathrar chun féachaint ar an ábhar a táirgeadh. Léann siad obair a chéile go ciúin agus tugann siad na píosaí oibre timpeall go dtí go bhfuil gach duine sa ghrúpa tar éis na samplaí uile a léamh. Ansin pléann na daltaí aon difríochtaí. Ina dhiaidh sin, déanann siad gach píosa oibre a mharcáil le chéile trí úsáid a bhaint as na critéir aontaithe, ag tosú b'fhéidir leis an gceann is fearr a chomhlíonann na critéir ratha a pléadh. Ansin, eagraíonn an múinteoir plé ranga faoi na cinntí a bhí éasca le déanamh agus na cinntí a bhí deacair le déanamh. Arís, is féidir leat eiseamláir de phroforma chun tacú leis an ngníomhaíocht seo a fheiceáil má logálann tú isteach ar ár láithreán gréasáin **ACTION**.

## Buntáistí

Tá go leor buntáistí i gceist le féinmheasúnú agus piarmheasúnú araon.

> "Is scileanna iad féinmheasúnú daltaí agus piarmheasúnú daltaí ar gá iad a threisiú thar thréimhse ama. Níl na scileanna seo ag daltaí go huathoibríoch, ach má chaitheann múinteoirí an t-am orthu, bainfidh siad tairbhe as san fhadtréimhse."

Áirítear orthu sin

- daltaí a chur ar an eolas faoi airíonna 'oibre maithe'
- iad a spreagadh chun bheith freagrach as a gcuid foghlama féin
- iad a spreagadh chun machnamh a dhéanamh orthu féin mar fhoghlaimeoirí agus, mar sin, foghlaim conas foghlaim a dhéanamh
- daltaí a spreagadh chun foghlaim faoi chur chuige eile is féidir a úsáid chun tasc a dhéanamh nach ionann é agus an cur chuige a d'úsáid siad féin
- piarbhrú a úsáid ar bhealach dearfach chun inspreagadh na ndaltaí a mhéadú
- daltaí ag úsáid teanga a thuigeann a bpiaraí agus a bhfuil taithí acu uirthi
- uaireanta, daltaí ag glacadh le criticeas óna bpiaraí nach dtabharfadh siad aird air dá mbeadh sé ráite agat!

Is scileanna iad féinmheasúnú daltaí agus piarmheasúnú daltaí ar gá iad a threisiú thar thréimhse ama. Níl na scileanna seo ag daltaí go huathoibríoch, ach má chaitheann múinteoirí an t-am orthu, bainfidh siad tairbhe as san fhadtréimhse.

Sa chéad eagrán eile de **info@ncca,** beimid ag féachaint arís ar smaointe a bhaineann le hidiraonaid agus beimid ag tabhairt eolais faoi roinnt cuir chuige teagaisc suimiúla.

# McF sa bhunscoil

Measúnú a úsáid chun foghlaim leanaí a fheabhsú agus chun tacú léi.

**Seans gur léigh tú faoi McF san fhoilseachán a d'eisíomar le deireanas *Measúnú i gCuraclam na Bunscoile: Treoirlínte do Scoileanna*, ach céard atá i gceist leis i ndáiríre? Leagann McF béim ar ról gníomhach an linbh ina t(h)eagasc féin. Is éard atá i gceist leis ná measúnú a úsáid mar uirlis chun foghlaim leanaí a fheabhsú agus chun tacú léi. Tarlaíonn McF roimh cheachtanna, lena linn, agus ina ndiaidh in áit ag deireadh aonaid teagaisc amháin. Cuireann sé ar do chumas difreáil éifeachtúil a dhéanamh agus tugann sé úinéireacht ar a gcuid foghlama do leanaí. Spreagann sé leanaí chun smaoineamh faoina gcuid foghlama in áit a bheith ag súil leis go mbeidh an múinteoir i gceannas.**

Tá cúig phrionsabal phríomhúla i gceist le McF:

- rúin foghlama a roinnt le leanaí
- critéir ratha a fhorbairt agus a roinnt
- aiseolas a thabhairt
- leanaí a spreagadh chun páirt a ghlacadh i bpiarmheasúnú agus i bhféinmheasúnú
- ceistiú éifeachtúil a úsáid chun scileanna smaointeoireachta d'ord níos airde a fhorbairt.

Baineann an t-alt seo leis na chéad cheithre phrionsabal. Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi cheistiú éifeachtúil féach ar **Céard atá HOT**, alt faoi Smaointeoireacht d'Ord Níos Aird san eagrán seo de **info@ncca.**

## Rúin foghlama a roinnt

Céard atá i gceist le 'rúin foghlama a roinnt'? Ag tús an cheachta, míníonn an múinteoir do leanaí céard a chabhróidh sé/sí leo a fhoghlaim agus conas a d'fhéadfadh sé a bheith úsáideach dóibh. Ní mór a bheith soiléir agus a chinntiú nach mbíonn leanaí measctha suas idir na treoracha don tasc (céard atá tú ag iarraidh orthu a **dhéanamh**) agus an rún foghlama (céard atá tú ag iarraidh orthu a **fhoghlaim**). Mar shampla, má táimid ag múineadh faoi airgeadra iasachta sa mhatamaitic, léirímid conas a d'fhéadfadh sé a bheith úsáideach le linn laethanta saoire leis an teaghlach agus níos déanaí sa saol. Trí rúin foghlama a roinnt, is féidir le leanaí an pictiúr níos mó a fheiceáil in áit féachaint ar gach ceacht leis féin.

**Conas** a roinnimid rúin foghlama? Is é seo ceann de na rudaí is éasca faoi chur chuige McF a úsáid i do sheomra ranga. Baineann formhór na múinteoirí úsáid as WALT – as Béarla *'We are learning to...'* Ag tús gach ceachta scríobhann sé/sí an WALT ar an gclár agus pléann sé/sí leis na leanaí é.

Má úsáidimid an t-alt seo mar eiseamláir, an WALT atá againn ná taithí a fháil ar phrionsabail McF chun cur ar ár gcumas an cur chuige measúnaithe seo a úsáid.

## Critéir ratha a fhorbairt agus a roinnt

Chun go mbeidh leanaí in ann féinmheasúnú a dhéanamh agus aiseolas a thuiscint ní mór dúinn critéir a fhorbairt agus a roinnt leo a úsáidfidh siad chun a gcuid foghlama a thomhas. Ba chóir go mbeadh critéir ratha bunaithe ar an rún/na rúin foghlama i gcónaí. Ba chóir go mbeadh siad ar taispeáint go soiléir le linn an cheachta. Cabhraíonn sé sin le leanaí a mheasúnú cá bhfuil siad san fhoghlaim agus bheith dírithe uirthi.

Is minic a thugtar WILF ar chritéir ratha – as Béarla *'What I'm looking for...'*. Uaireanta, forbraíonn múinteoir WILF le linn dó nó di ceacht a phleanáil ach is féidir iad a fhorbairt i gcomhairle leis na leanaí freisin. Is gníomhaíocht foghlama shuimiúil é seo, agus ní do na leanaí amháin!

Má úsáidimid an t-alt seo mar eiseamláir, céard ba chóir dúinn a bheith in ann a dhéanamh ag an deireadh? Na WILFanna atá againn ná:

1. cúig phrionsabal phríomhúla McF a ainmniú
2. bheith in ann gach ceann acu a mhíniú do chomhghleacaí
3. bheith in ann cur síos a dhéanamh ar roinnt teicnící McF is féidir iad a úsáid sa rang.

Bí ag smaoineamh orthu sin agus tú ag léamh leat. B'fhéidir go n-iarrfar ort féinmheasúnú a dhéanamh ag an deireadh!

## Aiseolas a thabhairt

Trí aiseolas éifeachtúil a thabhairt, tugtar treoir shoiléir do leanaí faoi conas feabhas a chur ar a gcuid oibre agus is cuid ríthábhachtach den chur chuige McF é sin. Ar dtús, luaimid céard atá déanta go maith acu agus ansin tugaimid roinnt comhairle dóibh faoi conas feabhas a chur ar a gcuid oibre. Ba chóir go mbeadh an t-aiseolas nasctha go díreach leis an rún foghlama. I dtasc scríofa, más iad na critéir go gcaithfidh leanaí mionchur síos a dhéanamh ar an suíomh agus carachtair shuimiúla a fhorbairt, má thugtar aiseolas faoi ábhar an scéil féin, éiríonn na leanaí measctha suas. Níor iarradh ar na leanaí díriú air sin agus ní raibh a fhios acu go bhfaighidís marcanna dó. Léiríonn taighde go bhfaigheann leanaí aiseolas faoi rudaí eile go minic sula bhfaigheann siad aiseolas faoin rún foghlama. Mar sin, is dóchúil go gcloiseann siad:

- *'Sin obair an-slachtmhar! Scríbhneoireacht álainn!'*
- *'Rinne tú go leor scríbhneoireachta!'*
- *Rinne tú dearmad roinnt lánstadanna a chur isteach!'*
- *'Rinne tú iarracht mhaith'*

sula gcloiseann siad aiseolas faoin rún foghlama.

Tá roinnt bealaí le haiseolas a thabhairt agus a fháil: múinteoir/leanbh, leanbh/leanbh, leanbh/múinteoir.

Bealach maith ná *2 réalt agus ionchas* a úsáid. Leis an modh seo, tugann an múinteoir nó piara a dhéanann saothar an linbh a mheasúnú dhá phíosa molta (2 réalt) agus píosa comhairle amháin faoi conas feabhas a chur ar an obair an chéad uair eile (ionchas).

D'fhéadfaimis tús abairtí nó leideanna a úsáid chun aiseolas faoi cheacht a fháil ó leanaí. Scríobhtar na leideanna ar chártaí. Roghnaíonn leanaí atá ag tabhairt aiseolais leid má tá cabhair ag teastáil uathu chun tús a chur leis an aiseolas sin. D'fhéadfadh rudaí cosúil le *Thaitin sé liom nuair a..., Bhí sé deacair orm...* agus mar sin de a bheith i measc na leideanna sin. D'fhéadfaí leideanna a chur ar taispeáint sa seomra ranga chun cabhrú le leanaí aiseolas a thabhairt dá chéile. De réir mar a fhaigheann leanaí taithí ar aiseolas a thabhairt, tiocfaidh laghdú ar thábhacht na leideanna.

Leag síos rialacha bunúsacha do na leanaí agus duit féin chun a chinntiú go dtugtar aiseolas ar bhealach measúil, comhbhách i dtimpeallacht de mhuinín.

## Piarmheasúnú agus féinmheasúnú

Bíonn rath ar phiarmheasúnú le leanaí bunscoile má thugtar treoracha soiléire dóibh faoi céard atá le déanamh acu. Go hiondúil, bíonn braistint dhúchasach de chothroime ag leanaí bunscoile. Má tá na critéir ratha ar eolas acu, tá sé níos éasca orthu saothar a chéile a mheasúnú. Cabhraíonn piarmheasúnú le leanaí scileanna a fhorbairt cosúil leis an gcumas oibriú le chéile agus aiseolas criticiúil a thabhairt agus glacadh leis. Spreagann sé leanaí chun smaoineamh ar a gcuid foghlama. Mar aon le féinmheasúnú, trí leas a bhaint as piarmheasúnú is féidir le múinteoirí léargas níos fearr a fháil ar conas atá foghlaim á bainistiú ag leanaí ina rang.

Bealach amháin chun rannpháirteachas leanaí i bpiarmheasúnú a spreagadh ná iarraidh orthu oibriú le comhpháirtí cainte. Pléann na leanaí lena chéile cé na critéir ratha ar bhain siad amach agus réimsí an cheachta ina mbraitheann siad go bhfuil cabhair ag teastáil uathu. Féadfaidh siad roinnt ceisteanna a chumadh le chéile a bhfuil na freagraí orthu ag teastáil uathu sula mbogfaidh siad ar aghaidh chuig an gcéad cheacht eile.

Modh eile ná *Smaoinigh/Péire/Roinn/Cearnóg*. Iarrtar ar leanaí smaoineamh ar conas a d'éirigh leo sa cheacht, é sin a phlé le comhpháirtí agus ansin é a phlé le péire eile. Tugann ball amháin den chearnóg aiseolas don rang faoi na codanna den cheacht a raibh an grúpa sásta leo (i.e. inar baineadh na critéir ratha amach) agus na codanna ina bhfuil cabhair bhreise ag teastáil uathu.

D'fhéadfadh leanaí i bpéirí *2 réalt agus ionchas* a úsáid mar aiseolas le linn piarmheasúnú freisin.

Tá an cumas féinmheasúnú a dhéanamh tábhachtach níos déanaí sa saol. Ní mór a mhúineadh do leanaí conas é sin a dhéanamh i gceart, nó d'fhéadfaidís a bheith ró-dhian nó ró-bhog orthu féin. Is féidir iad a mhúineadh conas iad féin a fhéinmheasúnú trí na critéir ratha a úsáid mar chineál seicliosta. Le féinmheasúnú, tá ar chumas an linbh agus an mhúinteora araon tuiscint níos fearr a fháil ar conas atá ag éirí leis an leanbh i réimse foghlama ar leith. Cuireann sé ar chumas an mhúinteora tascanna a dhifreáil agus tacaíocht níos éifeachtúla a thabhairt don leanbh.

Bealach amháin chun féinmheasúnú a dhéanamh ná *soilse tráchta* a úsáid. Nuair a roghnaíonn leanaí an solas uaine tá siad ag rá gur féidir leo an tasc a dhéanamh gan chabhair agus go bhfuil na critéir ratha á gcomhlíonadh acu. Má roghnaíonn siad an solas ómrach tá roinnt bheag cabhrach uathu agus comhlíonfaidh siad na critéir má thugtar cabhair dóibh. Má roghnaíonn leanaí an solas dearg, tá cabhair shuntasach ag teastáil uathu agus níl na critéir ratha á gcomhlíonadh go sásúil acu. Tá sé úsáideach iarraidh ar na leanaí 'solas tráchta' a roghnú don tasc sula dtosaíonn siad chun a chur in iúl cá gceapann siad go bhfuil siad leis an bhfoghlaim, agus solas tráchta a roghnú arís i ndiaidh an cheachta chun dul chun cinn a chur in iúl.

Tá eiseamláirí maithe d'fhéinmheasúnú ar fáil ar leathanaigh 14-24 de *Measúnú i gCuraclam na Bunscoile: Treoirlínte do Scoileanna.*

Le deireanas, chomhoibrigh an CNCM le taighdeoirí ó Choláiste Pádraig, Droim Conrach, ar thionscadail faoi theicnící McF a úsáid le leanaí i rang a dó. Thóg na múinteoirí bainteacha píosaí scannáin ag taispeáint úsáid na dteicnící McF ina ranganna. Beidh píosaí beaga den mhéid a taifeadadh ar fáil ar **www.action.ncca.ie** faoi mhí na Nollag 2008.

Léigh níos mó faoi McF in eagráin de **info@ncca** a foilsíodh roimhe seo – is féidir iad a íoslódáil ó **www.ncca.ie/news/newsletter.**

# Céard atá HOT?

**Níl ping pang HOT. Tá sé sin cinnte. B'fhéidir go raibh spéis againn ann le linn na gCluichí Oilimpeacha, ach sa rang is spórt mionlaigh é. Iascaireacht. Tá sé sin HOT. Déan i gceart é, agus faigheann tú torthaí iontacha! Agus is féidir leat an toradh a chaitheamh ar ais agus tosú arís!**

Gan amhras, táimid ag labhairt faoi cheisteanna, agus faoi bhogadh ón rithim ping pang a bhaineann le ceisteanna gan deireadh ar leibhéal níos ísle (le ceisteanna breise don obair bhaile), chuig líon níos lú ceisteanna ar leibhéal níos airde a chabhraíonn le foghlaimeoirí machnamh a dhéanamh agus freagraí a thabhairt. Mar aon leis an iascaireacht, má chuireann tú ceist mhaith amháin, is féidir na huaireanta a chaitheamh uirthi. I ndiaidh uaireanta an chloig a chaitheamh ar phing pang, tá gach aon duine traochta.

Is éard atá i gceist le HOT ná Higher-Order Thinking (Smaointeoireacht d'Ord Níos Airde), agus ciallaíonn HOTS Higher-Order Thinking Skills (Scileanna Smaointeoireachta d'Ord Níos Airde). Léigh anseo chun a fháil amach conas HOT a chur chun cinn i do ranganna.

## Leanaí beaga...ceisteanna móra

*'Cén fáth? Ach cén fáth? Agus ach, ach cén fáth?'* ...Mar mhúinteoirí, tá taithí againn uile ar na liostaí ceisteanna 'cén fáth' gan deireadh a chuireann leanaí fad agus atá siad ag iarraidh tuiscint a fháil ar an méid a fheiceann, a chloiseann, a bholaíonn, a bhlaiseann agus a thadhlaíonn siad mórthimpeall orthu. Ní mór ceisteanna a chur agus freagraí a fháil chun fás suas, agus tá smaointeoireacht ag croílár na gceisteanna sin.


Foghlaimíonn leanaí conas smaoineamh trí úsáid a bhaint as dhá chineál scileanna – scileanna smaointeoireachta d'ord níos ísle (LOTS – 'lower-order thinking skills') agus scileanna smaointeoireachta d'ord níos airde (HOTS). Trí dheiseanna a fháil HOTS a úsáid, foghlaimíonn leanaí conas smaoineamh in áit céard ar chóir dóibh smaoineamh. Síneann smaointeoireacht d'ord níos airde a gcuid aigní agus cabhraíonn sí leo scileanna in-aistrithe a fhorbairt cosúil le réasúnaíocht, criticí a thabhairt agus fadhbanna a réiteach. Spreagann siad leanaí chun smaointeoireacht chruthaitheach agus shamhlaíoch a dhéanamh freisin.

## Leanaí níos mó... ceisteanna móra fós!

Dúirt múinteoir a ghlac páirt i dtionscadal príomhscileanna na CNCM le deireanas *'Ní theastaíonn ach nótaí ó dhaltaí na Sraithe Sinsearaí agus níl uathu smaointeoireacht a dhéanamh. Déanaimid an smaointeoireacht uile ar a son!"* Má theastaíonn uainn go mbeidh ár ndaoine óga ina bhfoghlaimeoirí ar feadh an tsaoil agus go bhfágfaidh siad an scoil réidh le haghaidh gach rud atá i ndán dóibh sa saol, ní mór dúinn iad a spreagadh chun scileanna smaointeoireachta d'ord níos airde a fhorbairt.

Bealach amháin chun é sin a dhéanamh ná ceisteanna HOT a chur a cheanglaíonn orthu smaoineamh faoin bhfreagra. Sin buntáiste amháin a bhaineann le ceisteanna HOT; bíonn ar dhaltaí an 'teas' (i.e. an fhíor-fhoghlaim) a ghiniúint, agus gineann múinteoirí an 'solas' (le ceist nó ceisteanna maithe HOT!).

Céard faoi LOTS? Tá ceisteanna dúnta ar leibhéal níos ísle úsáideach nuair a theastaíonn uait a sheiceáil go dtuigeann na daltaí an méid atá i gceist le linn mínithe nó seisiún coimrithe. Míbhuntáiste a bhaineann le ceisteanna LOT agus an cur chuige ping pang ná nach mbíonn an t-am ag daltaí freagra a chur le chéile. Tá a fhios ag a lán daltaí go dtabharfaidh duine eile an freagra (is minic a bhfuil a fhios acu cé an duine sin) agus athraíonn siad chuig ról de dhuine sa lucht féachana. Sin ar lá maith; faoin Aoine, d'fhéadfaidís bheith i gcóma is ping pang is cúis leis!




## HOTS a úsáid i do sheomra ranga

Uaireanta, tugtar bogearraí na hinchinne ar an smaointeoireacht. Ní mór í a thabhairt cothrom le dáta go minic! Seo duit roinnt straitéisí a d'fhéadfadh a bheith úsáideach i do sheomra ranga chun a chinntiú go gcuirtear na foghlaimeoirí uile ag smaoineamh. Cé go bhfuil roinnt de na straitéisí dírithe ar leanaí bunscoile, tá roinnt eile dírithe ar dhaltaí níos sine... léigh iad agus déan iad a oiriúnú do do riachtanais féin agus do riachtanais do dhaltaí.

### Am scéil

Bealach iontach chun leanaí a spreagadh chun smaoineamh ná scéalta a phlé leo. Uaireanta sula dtosaíonn tú ag léamh an leabhair, iarr ar leanaí a réamhinsint céard a tharlóidh: *'Céard a insíonn an clúdach dúinn faoin scéal?'* Nuair atá scéal á léamh, is minic a chuireann leanaí ceisteanna cosúil le: *'Céard é sin? Cén fáth ar tharla sé sin?'* Déan iarracht gan an freagra a thabhairt. In ionad sin, iarr orthu fanacht go dtí an deireadh. Faoin tráth sin, d'fhéadfadh na freagraí a bheith faighte acu. Iarr ar na leanaí an scéal a athinsint ina bhfocail féin, nó níos fearr arís, iarr orthu deirí scéil difriúla a chumadh.

Agus céard faoi shíscéalta aithnidiúla? Ar smaoinigh tú riamh iarraidh ar leanaí argóint leo nó teacht ar bhotúin iontu? Uaireanta tagann saincheisteanna doimhne chun cinn nuair a labhraítear faoi scéalta. Ceisteanna mar seo a leanas -

- Cén fáth nár thacaigh athair Luaithríona léi?
- An raibh an ceart ag tuismitheoirí Hansel agus Gretel iad a fhágáil san fhoraois?
- An raibh an ceart ag Seán rudaí a ghoid ón bhfathach?
- Conas ar éirigh le Rapunzel dul isteach sa túr gan doras (agus gan dréimire)?

Tabhair am do na leanaí smaointeoireacht a dhéanamh... d'fhéadfadh sé bheith ina chúis le comhráite an-suimiúil. Bí ag tnúth le tarluithe gan choinne!



## Am na bhfrapaí

An gcuimhin tú riamh bheith ag féachaint ar rud éigin agus ag rá leat féin, *céard é sin!* Smaoinigh faoin gcomhrá idir leanaí 4, 5 agus 6 bliana d'aois sa staid chéanna. Féadann frapaí neamhchoitianta bheith ina gcúis le díospóireachtaí iontacha. Mar shampla, d'fhéadfá na nithe seo a leanas a úsáid

- uirlis cheoil nó éadaí ó thír eile
- glasra nó toradh neamhchoitianta
- grianghraf aisteach-dhá theidí ar ghluaisrothar
- teidí an ranga in imthosca aisteacha – sáinnithe i gcrann
- rudaí ón am atá thart – clár níocháin, peann tobair
- lorg mór aisteach sa seomra ranga nó sa chlós.

Iarr ar na leanaí lámh a leagan ar an bhfrapa, é a bholadh, éisteacht leis, féachaint air agus fiú amháin é a bhlaiseadh! Iarr orthu ceisteanna a chur agus freagraí a mholadh. Trí eispéiris HOT mar seo a chur ar fáil, féadann foghlaim leanaí dul i dtreonna neamhchoitianta agus suimiúla.

## Tabhair 'am feithimh' dóibh

Bhí an t-eispéireas eureka sin againn uile nuair a d'éirigh linn rud éigin a oibriú amach dúinn féin...ach an gcailleann roinnt foghlaimeoirí eispéiris mar sin toisc go n-iarraimid, na múinteoirí, ar dhaltaí freagra a thabhairt láithreach, nó athchuirimid an cheist ar bhealach éigin eile (aon rud ach an tost!) ró-thapa, nó tugaimid an freagra sula bhfuil deis ag na daltaí freagra a thabhairt. Tá sé rí-thábhachtach go leor ama a thabhairt do dhaltaí le freagra ar cheist a chumadh. Céard faoi roinnt soicindí sa bhreis a thabhairt do do dhaltaí chun deis a thabhairt dóibh freagra a chumadh iad féin (ní leanann an meánam freagartha ach 1.9 soicind) – tugann sé sin deis do na daltaí uile a gcuid smaointe a chur in eagar.

## 'Cosc ar lámha'

D'fhreastalaíomar uile ar óráidí ag ar chuir an t-éascaitheoir ceist agus bhíomar inár suí go míchompordach go dtí gur chuir duine fonnmhar a lámh in airde agus ansin bhíomar in ann ár suaimhneas a ghlacadh arís. Tá ár ndaltaí mar an gcéanna. Is minic a stopann siad de bheith ag smaoineamh nuair a chuireann roinnt daoine sa rang a lámha in airde. Má chuirimid 'cosc ar lámha' molaimid do na daltaí uile smaoineamh faoin bhfreagra ar an gceist mar féadann an múinteoir aon duine a roghnú le freagra a thabhairt. Tá sé tábhachtach timpeallacht a chruthú ina mbraitheann foghlaimeoir gur féidir leis nó léi botúin a dhéanamh agus foghlaim uathu. Cleachtadh maith amháin chun é sin a spreagadh ná cead a thabhairt don fhoghlaimeoir na freagraí a phlé leis an duine in aice leis nó léi nó i ngrúpaí – an cur chuige smaoinigh-péire-roinn!

> "Cén fáth? Ach cén fáth? Agus ach, ach cén fáth?' ...Ní mór ceisteanna a chur agus freagraí a fháil chun fás suas, agus tá an smaointeoireacht ag croílár na gceisteanna sin."

## Leideanna praiticiúla faoi cheisteanna HOT a úsáid

- Bí soiléir faoin gcúis a bhfuil an cheist á cur, inis don rang céard ar chóir dóibh a bheith ag tnúth leis.
- Déan ceisteanna a phleanáil ar bhealach a chiallaíonn go n-éiríonn siad níos dúshlánaí d'fhoghlaimeoirí de réir a chéile.
- Tabhair am don fhoghlaimeoir an cheist a fhreagairt agus tabhair leideanna más gá.
- Cruthaigh timpeallacht shábháilte trí chead a thabhairt d'fhoghlaimeoirí na freagraí a phlé lena chéile ar dtús agus cuir leis sin chun na freagraí a phlé leis an rang uile.
- Iarr ar choinscríofaigh agus ní ar shaorálaithe ceisteanna a fhreagairt (cosc ar lámha).
- Nuair atá tú ag pleanáil le haghaidh ranga, cleachtadh maith ná smaoineamh ar chúpla ceist HOT le cur ar dhaltaí sa rang nó le haghaidh obair bhaile....agus ná cuir ach an dá cheist sin!

## Sa suíochán HOT

Seans go bhfuil taithí agat ar an straitéis a bhaineann le foghlaimeoir a chur i suíochán HOT....iarraidh orthu a ligean orthu gur duine ficseanúil nó ón stair, nó duine ó chuid eile den domhan nó a bhfuil dúshlán ar leith os a chomhair amach é nó í. Ní mór don rang ceisteanna a chumadh le cur ar an gcarachtar a bhaineann leis na himeachtaí sa scéal agus tugann an duine sa suíochán HOT freagraí ar na ceisteanna ó pheirspictíocht an charachtair. Maidir le foghlaimeoirí níos óige, is fearr é má ghlacann an múinteoir páirt an duine sa suíochán HOT go dtí go dtéann an rang i dtaithí ar an gcoincheap.

Tá roinnt rudaí éagsúla is féidir a dhéanamh leis sin a dhéanann scileanna HOT a thástáil. Ceisteanna a ullmhú roimh ré, agallaimh raidió nó agallaimh phainéil leis 'na haíonna' sa suíochán nó sna suíocháin HOT a eagrú, an rang uile a chur sa suíochán HOT agus iarraidh orthu a bpróifílí líonra sóisialta a scríobh i gcarachtar, téacsteachtaireachtaí a ghiniúint (ar pháipéar – gan ghutháin!) chuig agus ó charachtair i gcnámha scéil suíocháin HOT...cabhraíonn leo sin uile foghlaimeoirí a chur ag smaoineamh.

## Cumhacht an áitithe

Straitéis eile chun an rang a chur ag smaoineamh ná iarraidh orthu ceithre fhreagra fhéideartha ar cheist HOT a chumadh agus iarraidh ar na foghlaimeoirí vóta a chaitheamh don fhreagra is fearr leo. Déan na vótaí le haghaidh gach freagra a chomhaireamh. Iarr ar na leanaí suí leis an ngrúpa a bhí i bhfabhar an fhreagra a roghnaigh siad féin. Anois, ní mór do gach grúpa áitiú ar na daoine sna grúpaí freagraí éagsúla a meon a athrú agus teacht chuig a ngrúpa.

Tabhair roinnt ama dóibh lena straitéis feachtais a chumadh. Ag brath ar aois an ranga, d'fhéadfadh na ceisteanna seo a leanas a bheith mar chabhair i spreagadh na díospóireachta:

- Cé atá chun labhairt? Cén argóint a úsáidfidh siad?
- An mbeidh sluán feachtais acu?
- Cén grúpa eile a mbeidh siad dírithe air?
- An ndíreoidh siad ar láidreachtaí a n-argóinte féin nó ar na laigí in argóint an ghrúpa eile?

Le linn an 'fheachtais' feidhmíonn an múinteoir mar chathaoirleach, cé go bhféadfar an ról seo a shannadh do dhalta freisin, go háirithe nuair a bheidh taithí ag an rang ar an straitéis seo. I rith an cheachta féadfaidh foghlaimeoirí taobhanna a athrú, nó dul ar ais chuig an bhfreagra bunaidh a roghnaigh siad. Fág go leor ama ag deireadh an cheachta chun machnamh a dhéanamh ar an bhfeachtas agus ar na hoirbhearta a úsáideadh. Tasc maith d'obair bhaile chun foghlaim bhreise a dhéanamh ná iarraidh ar dhaltaí alt nó ráiteas a scríobh a thosaíonn le *'Áitíodh orm toisc...'* nó, *'Bhí an bua ag Freagra A toisc...'*

### Léigh Níos Mó...

Lipman M., Philosophy for Children, ar fáil ar http://www.p4c.org.nz
Splitter L., (2008) *On the theme of 'Teaching for Higher Order Skills,'* ar fáil ar http://chss.montclair.edu/inquiry/summ95/splitter.html.



## Bealach Bloom?

Sna 1950í, dhréachtaigh Benjamin Bloom tacsanomaíocht foghlama...agus ó shin, tá sé feicthe ag formhór na múinteoirí uair amháin ar a laghad! Mar sin féin, rinne foireann a raibh iar-mhac léinn Bloom i gceannas uirthi an rangú a nuashonrú in 2001, agus mhol sí roinnt athruithe suimiúla ar an bhfearann cognaíoch.

| 1950í | 2000í |
|---|---|
| Eolas | Cuimhneamh |
| Tuiscint | Tuiscint |
| Feidhmiú | Feidhmiú |
| Anailís | Anailísiú |
| Sintéis | Meastóireacht |
| Meastóireacht | Cruthú |

Ó na 1980í ar aghaidh pléadh an raibh feidhmiú san áit cheart sa liosta – nuair a chruthaigh Bloom é, d'eagraigh sé mar ordlathas é ina dtéitear ó leibhéal amháin go dtí an chéad leibhéal eile. I gcás foghlama bunaithe ar fhadhbanna, mar shampla, agus an cineál oibre atá á dhéanamh i scoileanna Tionscadail Mata, tá feidhmiú na foghlama i suíomh nua mar chuid de shintéis na n-idéanna nua. Tá an tsamhlaíocht tábhachtach!

info@ncca

# DVD do thuismitheoirí

## Tá *Foghlaim Páistí sa Bhunscoil: Céard, Cén Fáth agus Conas?* ar fáil ar líne anois

**Ar scoil, is mí lán de cheisteanna é mí Mheán Fómhair. Gan amhras bhí roinnt aghaidheanna mearaithe, fiosracha os do chomhair amach ar roinnt maidineacha (nó gach maidin!) go dtí seo. Cé go mbeidh formhór na leanaí i do rang tar éis socrú síos faoin am seo, seans go mbeidh roinnt tuismitheoirí buartha fós!**

Teastaíonn uathu a fháil amach **céard** a bheidh á fhoghlaim ag a leanaí sna míonna amach romhainn, **cén fáth** go mbeidh sé sin á fhoghlaim acu agus **conas** a bheidh siad ag foghlaim i do sheomra ranga. Tá athrú mór tagtha ar bhunscoileanna ó bhí formhór na dtuismitheoirí ina leanaí agus tá líon méadaitheach tuismitheoirí nach bhfuil aon taithí acu ar scoil in Éirinn. Teastaíonn ó thuismitheoirí a fháil amach céard atá ar siúl i scoileanna anois agus conas atá an scoil difriúil ó mar a bhí sí nuair a d'fhreastail siad féin uirthi, ach conas is féidir leat an fhaisnéis uile sin a chur ar fáil i gcomhrá cúig nóiméad roimh nó i ndiaidh chlog na scoile?

Má cuireadh ceisteanna mar sin nó ceisteanna eile ort faoi fhoghlaim leanaí, seans go mbeidh áthas ort a fháil amach go bhfuil DVD na CNCM do thuismitheoirí, *Foghlaim Páistí sa Bhunscoil: Céard, Cén Fáth agus Conas* ar fáil ar líne anois! Is féidir leat a rá le tuismitheoirí go bhfuil an DVD ar fáil sa chuid dár láithreán gréasáin **www.ncca.ie** atá le haghaidh tuismitheoirí, agus gur féidir féachaint air i gcúig theanga – Béarla, Gaeilge, Fraincis, Liotuáinis agus Polainnis.

Léiríonn an DVD eispéiris foghlama cúigear leanaí ar scoil agus sa bhaile. Tá na leanaí idir 2 agus 11 bliain d'aois agus mar sin tá faisnéis úsáideach ann do thuismitheoirí leanaí sna ranganna uile. Leagann an DVD béim ar an tábhacht a bhaineann le ról an tuismitheora maidir le cabhrú le leanaí rath a bhaint amach san fhoghlaim. Trí mheán na sleachta seo, féadann tuismitheoirí smaointe a bhailiú faoi conas is féidir leo tacú le foghlaim a leanaí sula dtosaíonn siad ag an mbunscoil, le linn dóibh bheith sa bhunscoil agus nuair atá siad ag ullmhú don iar-bhunscoil.


Maidir leatsa, an múinteoir, d'fhéadfadh an DVD bheith úsáideach duit chun faisnéis a roinnt faoi conas a eagraítear an curaclam i do sheomra ranga agus i do scoil agus chun caint a spreagadh faoi conas is féidir le tuismitheoirí tacú leis an bhfoghlaim atá ar siúl i do rang.

Mar sin, an chéad uair eile a thagann tuismitheoir mearaithe, fiosrach os do chomhair amach, nó nuair a bheidh tú ag pleanáil le haghaidh cruinnithe le tuismitheoirí, ná déan dearmad féachaint ar na hacmhainní ar ár láithreán gréasáin, **www.ncca.ie.**

Copies of the DVD are also available from Education Centres.

**Faisnéis úsáideach eile do thuismitheoirí atá ar fáil ar ár láithreán gréasáin:**

- bileog leideanna faoin litearthacht, *Ranganna na naíonán: ag léamh agus ag scríobh – conas cabhrú le do leanbh a bheith ullamh*
- bileog faoi conas tuiscint a fháil ar scóir na dtrialacha caighdeánaithe
- bileog a thugann eolas faoi theimpléid na CNCM do chártaí tuairisce (ar fáil ar ár láithreán gréasáin freisin).



# Réiteach fadhbanna

## Ag athrú treo leis an ngeoiméadracht

**Tá *Tionscadal Mata* dírithe ar scileanna réitigh fadhbanna, agus aithníonn sé go bhfuil deiseanna rialta ann teacht ar ais chuig fadhbanna i bhfianaise eolais nua de réir mar a théann daltaí ón mbunscoil chuig an iar-bhunscoil. Mar sin, d'fhéadfaidís féachaint ar an bhfadhb chéanna arís i bhfianaise a n-eolais mhéadaithe ar thíreolaíocht agus/nó matamaitic.**

Ach conas is féidir a chinntiú go ndéantar coincheapa bunúsacha a iniúchadh agus go dtuigeann daltaí iad trí leas a bhaint as cur chuige réitigh fadhbanna sa teagasc agus san fhoghlaim? San alt seo, tugaimid eiseamláir duit d'fhadhb is féidir féachaint uirthi ar roinnt bealaí éagsúla, agus tugaimid roinnt straitéisí duit faoi conas réiteach a fháil, roinnt acu níos cruinne ná a chéile.

### Fadhb an chábla teilifíse


Tá teaghlach ag fáil teilifíse digití ina dteach le dhá phointe nasctha teilifíse. Gearrann an comhlacht suiteála táille in aghaidh an mhéadair de chábla, ach is féidir leo an nasc seachtrach a chur aon áit ar aghaidh an tí toisc go bhfuil a gcábla soláthair ag rith in aice leis an mballa sin.

Léiríonn **Figiúr 1** balla tosaigh an tí (AB) atá 12 méadar i bhfad agus an dá phointe nasctha teilifíse (C agus D) san áiléar in aice le taobh-bhallaí an tí. Úsáidfear 3 mhéadar de chábla ó gach ceann de na pointí sin chun iad a nascadh leis an teilifís. Tá na pointí san áiléir 5 mhéadar agus 3 mhéadar ón mballa tosaigh, mar a léirítear. Chomh maith leis sin, léiríonn an léaráid dhá áit ar féidir an pointe nasctha cábla seachtrach a chur ann ($P_1$ and $P_2$). Cibé áit a chuirtear P, is ionann fad iomlán an chábla inmheánaigh a mbeidh gá leis agus CP + PD.



Féadfar iarraidh ar dhaltaí tuairim a thabhairt agus/nó a phlé an bhfuil 'íosfhad' den chábla (CP+PD) ar fáil, agus conas a léireoidís nach mbeadh cábla den fhad céanna i gceist le pointí éagsúla ar AB. [Mar shampla, má tharraingíonn siad an léaráid thíos de réir scála, ní ionann fad píosa téide a shíntear ar feadh CA + AD agus fad píosa téide a shíntear ar feadh CB + BD.]

**Fig. 1**




Mar sin, conas is féidir an fhadhb seo a réiteach? Cur chuige amháin ná líníocht de réir scála nó páipéar greille a úsáid chun an cás a chur in iúl. Déan an léaráid a atarraingt de réir scála (le 1cm cothrom le 1 m) agus déan pointí nasctha féideartha a mharcáil gach 2 cm ar feadh AB. I ngach cás, déan an fad idir C agus P agus idir P agus D a thomhas ar an mbealach is cruinne is féidir agus déan na tomhais a thaifeadadh sa tábla a léirítear. Déan fad iomlán an chábla a mbeadh gá leis a ríomh i ngach cás. An mbeadh an tomhas níos cruinne dá n-úsáidfeá scála difriúil (1 cm cothrom le 0.5m, mar shampla)?

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Fad AP i cm | 2 | 4 | 6 | 8 | 10 |
| Fad CP i cm | | | | | |
| Fad PD i cm | | | | | |
| Iomlán (CP + PD) i cm | | | | | |

Déan iarracht a oibriú amach cá háit ar bhalla AB ar chóir an pointe nasctha seachtrach a chur ionas go n-úsáidfí an t-íosfhad is féidir de chábla inmheánach. *[Leid: D'fhéadfadh daltaí graf a dhéanamh d'fhad iomlán an chábla in aghaidh fad AP trí leas a bhaint as an bhfaisnéis sa tábla comhlánaithe. Céard a léireodh sé sin?]*

An bhfuil bealach níos cruinne chun fad an chábla a mbeadh gá leis do gach suíomh féideartha de P a ríomh? *[Leid: do gach suíomh de P tá na triantáin PAC agus PBD ina dtriantáin dhronuilleacha; cad é an caidreamh idir faid na dtaobhanna i dtriantán dronuilleach?]* An ligeann sé sin dúinn cá háit ar chóir an pointe nasctha seachtrach a shuiteáil a ríomh ar bhealach níos cruinne?

info@ncca




D'fhéadfadh daltaí le taithí ar phacáistí bogearraí *The Geometer's Sketchpad* nó *Solidworks* cur chuige ríomhaire-bhunaithe a úsáid ina dtarraingeoidís léaráid de réir scála den fhadhb chun na faid riachtanacha a dheimhniú (AP, CP, PD, CP + PD, srl.). An buntáiste a bhaineann le leas a úsáid as bogearraí den chineál seo ná nach bhfuil roghnú na bpointí P teoranta d'fhaid 'dheasa' ó A agus is féidir féachaint ar líon níos mó pointí. Arís, d'fhéadfaí na sonraí ón obair seo a úsáid chun graf a tharraingt a léireodh go bhfuil 'íosfhad' ar fáil.

## Cur chuige eile

De réir mar a fhorbraíonn daltaí a gcuid eolais ar an ngeoiméadracht, tagann bealach eile chun an fhadhb a réiteach chun cinn. Is léaráid shimplithe é **Figiúr 2**, leis an bpointe breise E díreach trasna ó shuíomh na teilifíse D agus an fad céanna ó phointe B ar bhalla tosaigh an tí. Is ionann fad iomlán an chábla a bhfuil gá leis nuair atá an pointe nasctha ag P1 ná CP1 + P1E. Is ionann fad iomlán an chábla a bhfuil gá leis nuair atá an pointe nasctha ag P2 ná CP2 + P2E. An féidir leat teacht ar phointe P ar an líne AB chun go mbeidh fad iomlán an chábla (i.e. CP + PE) chomh gearr agus is féidir?

**Fig. 2**





D'fhéadfaí iarraidh ar dhaltaí na cruthanna sa léaráid a phlé.

- Fair amach d'uillinneacha comhionanna agus faid chomhionanna; mínigh cén fáth go bhfuil siad comhionann.
- An bhfuil aon triantáin chomhchosúla/chomhionanna ann? Cén fáth go bhfuil siad comhchosúil/comhionann?

Anois tarraing líne a nascann C le E agus marcáil an pointe P áit a thrasnaíonn sé an líne AB. D'fhéadfá iarraidh ar dhaltaí comparáid a dhéanamh idir fad CP + PE agus fad CP1+P1E (nó CP2 + P2E)? Cén fáth gur ionann CE agus an t-íosfhad féideartha de chábla nasctha?

Cé chomh fada ó A ar AB a bhfuil an pointe P? Léiríonn **Figiúr 3** dhá thriantán. Féadfar ceisteanna cosúla a chur ar dhaltaí faoi uillinneacha cothroma agus triantáin chosúla. [Tá na triantáin ACP agus BEP cosúil lena chéile, agus mar sin tá na taobhanna comhfhreagracha i gcomhréir lena chéile; AP:PB = 5:3 agus mar sin tá AP 7.5 méadar i bhfad.] Tabhair faoi deara gurb é an chonair ó C→P→D an chonair a thógfadh ga solais dá bhfeidhmeodh an líne AB mar dhromchla scáthánaithe.

**Fig. 3**





Ba chóir go mbeifeá in ann an léaráid seo a úsáid chun fad iomlán an chábla inmheánaigh a bhfuil gá leis a ríomh. *[Leid: In áit teacht ar CP agus PE leo féin, sa triantán CFE bain úsáid as teoirim Phíotagaráis chun teacht ar fhad an taobhagáin CE. Féadfar bogearraí ríomhaire a úsáid chun teacht ar an bhfad riachtanach freisin.]*

Mar chleachtadh breise, d'fhéadfá praghas an chábla in aghaidh an mhéadair de réir an chomhlachta suiteála a thabhairt do dhaltaí agus iarraidh orthu an costas iomlán a ríomh, lena n-áirítear an cábla ón dá phointe nasctha san áiléar go dtí pointí nasctha na dteilifísí. Mar rogha eile, d'fhéadfá iarraidh ar dhaltaí fadhb a dhearadh a d'fhéadfadh a bheith réitithe le cur chuige comhchosúil. Cuireann sé sin iad ag smaoineamh faoi bhealaí ar ar féidir an mhatamaitic a nascadh le cnámha scéil réalaíocha.

## Réiteach leis an gcalcalas

I bhfad níos déanaí, seans go mbeidh suim ag daltaí a fháil amach conas a d'fhéadfaí an fhadhb a réiteach trí chalcalas a úsáid chun íosfhad an chábla a ríomh. Is féidir **Figiúr 4** a úsáid mar thúsphointe don chur chuige seo, le 'haonaid' de 1 mhéadar. Beidh sé riachtanach teacht ar shlonn d'fhad iomlán an chábla i dtéarmaí x (an fad ó A go P) agus ansin difreáil a úsáid chun teacht ar luach de x a chiallaíonn go bhfuil an fad iomlán sin cothrom leis an íosfhad. [Tugann an réiteach x = 7.5; mar sin ba chóir do P a bheith suite 7.5 méadar ó A.]

**Fig. 4**



# Athbhreithniú ar Curaclam na Bunscoile

## Tuarascáil deiridh ar Chéim 2 ar fáil anois

**An gcuimhníonn tú teimpléid fhada a líonadh isteach breis agus bliain ó shin? An ndearna tú machnamh riamh ar céard a thug na freagraí ar na ceisteanna éagsúla le fios? San alt seo, tá píosaí beaga den scéal sin, mar a d'inis múinteoirí, tuismitheoirí agus leanaí é.**

Úsáideadh teimpléid chun sonraí a bhailiú ó bheagnach 1,400 príomhoide agus múinteoir faoina n-eispéiris leis an gcuraclam Gaeilge, eolaíochta agus OSPS. Bhí an obair sin mar chuid de Chéim 2 den *Athbhreithniú ar Curaclam na Bunscoile*. Mar chuid eile den athbhreithniú, foghlaimíodh ó leanaí, tuismitheoirí, múinteoirí agus príomhoidí in ocht scoil i gCás-Staidéar Scoile. Lena chois sin, mar atá ar eolas agat ón dá eagrán deiridh de **info@ncca**, choimisiúnaigh an CNCM foireann i gColáiste Pádraig chun faisnéis níos sonraí a fháil ó leanaí faoina n-eispéiris le heolaíocht sa bhunscoil.



Céard a fuaireamar amach? Cad iad na rudaí is tábhachtaí a tháinig as an dara céim den athbhreithniú seo?

### Curaclam na Gaeilge

Leag múinteoirí béim ar mhéid na Gaeilge ó bhéal a bhí á úsáid go neamhfhoirmiúil ag leanaí agus dhírigh siad ar an taitneamh breise a bhain leanaí as foghlaim na teanga. Dúirt múinteoir amháin, *'Mothaím go bhfuil dearcadh dearfach ag an gcuid is mó den rang ar an nGaeilge. Cabhraíonn an drámaíocht agus ról-ghlacadh cuid mhaith leis seo.'* Dúirt siad go raibh leanaí níos bródúla as a dteanga, a gcultúr, a n-oidhreacht agus a bpobal, agus go raibh grá níos mó acu orthu.

Luaigh leanaí an pointe céanna, *'Is í teanga ár dtíre í, tugadh an Béarla isteach, ach dar liom tá sé níos deise beagán Gaeilge a úsáid.'* Luadh go raibh sé dúshlánach cur i gcoinne dearcadh diúltach faoin teanga a fhaigheann leanaí uaireanta ó thuismitheoirí, piaraí agus ón bpobal. Dúirt múinteoirí freisin go raibh easpa d'acmhainní nua-aimseartha agus suimiúla a bhí oiriúnach d'aois na leanaí, cosúil le hábhair teagaisc agus fíor-leabhair. Níor bhain an fhadhb sin leis an nGaeilge amháin; bhain sí leis an eolaíocht agus le OSPS freisin.

### Curaclam na heolaíochta

Dúirt múinteoirí go raibh spéis ag leanaí san eolaíocht agus gur bhain siad taitneamh aisti. Dúirt siad gur éirigh go breá leo scileanna na leanaí maidir le 'hoibriú go heolaíoch' a fhorbairt agus tacaíocht a thabhairt dá bhfeasacht agus dá dtuiscint mhéadaitheach ar an domhan.

Thuig leanaí an tionchar sin freisin, *'Mura ndearnamar eolaíocht ní bheadh aon rud ar eolas againn i ndáiríre faoin gcorp agus ní bheadh aon rud ar eolas againn faoi shruthanna leictreachais nó faoi mhaighnéid nó aon rud. Is deas an rud é eolas ginearálta a bheith againn faoi.'*

D'aontaigh leanaí gur bhreá leo eolaíocht a fhoghlaim agus dúirt siad go raibh sé taitneamhach spraíúil. Thug dalta amháin i rang a dó an achoimre seo a leanas air, *'Ohhh, is AOIBHINN liom an Eolaíocht!'*

Bhí tuismitheoirí an-tógtha leis an ábhar freisin. Mhínigh tuismitheoir amháin, *'I mo thuairim, tá sé iontach toisc go mbíonn na leanaí ag glacadh páirte agus ag déanamh gach ruda dóibh féin. Bíonn siad ag déanamh turgnamh.'*

Bhain dúshláin leis an eolaíocht freisin, áfach. Luaigh múinteoirí go raibh sé deacair obair theagmhálach, phraiticiúil a dhéanamh le grúpaí ranga móra. Labhair siad freisin faoin dúshlán a bhain le hacmhainní a fháil, a chur le chéile agus a stóráil.

### An Curaclam OSPS

Dúirt múinteoirí gur éirigh leis an gcuraclam forás pearsanta leanaí – a bhféinfheasacht, a bhféinmhuinín agus a bhféinmheas – a chur chun cinn. Rinne siad tagairt d'fheasacht mhéadaitheach na leanaí ar riachtanais agus ar thuairimí daoine éagsúla.

Bhí leanaí ar an eolas faoin tábhacht a bhain leis an ngné seo de OSPS freisin. Cheap leanbh amháin go raibh sé tábhachtach OSPS a fhoghlaim, *'...toisc go n-éiríonn tú feasach ar mhothúcháin daoine eile'* agus bhraith leanbh eile, *'Mura raibh OSPS againn ní dhéanfaimis sóisialú le daoine eile.'*

Dúirt múinteoir amháin go spreagann an snáithe 'Mé féin agus daoine eile', *'...sealaíocht agus téann sé sin i gcion ar na tascanna agus ceachtanna uile eile.'* Labhair múinteoirí freisin faoi fheasacht mhéadaithe leanaí ar bhagairtí don imshaol agus ar na bealaí ina bhféadfaidís an domhan nádúrtha a chosaint. Maidir le dúshláin, dúirt múinteoirí nach raibh siad compordach agus roinnt gnéithe den Churaclam OSPS á múineadh acu cosúil le hOideachas Caidrimh agus Gnéasachta.

Agus tá níos mó...

## Am

Le cois torthaí a bhain go sonrach le hábhair, tharraing an t-athbhreithniú aird ar shaincheisteanna traschuraclaim, mar shampla, ganntanas ama! Dúirt múinteoirí go raibh easpa ama mar an dúshlán is mó a bhain le múineadh na dtrí ábhar a athbhreithníodh. Luaigh siad go raibh dhá ghné ag baint leis sin. Bhí an chéad ghné dírithe ar ró-ualú curaclaim agus bhí an dara ceann dírithe ar mhéid ranga/riachtanais leanaí. Agus ceist an ama á plé, luaigh múinteoirí nach raibh go leor ama acu an post teagaisc féin a dhéanamh – na cuspóirí uile sna hábhair uile a chlúdach, foghlaim theagmhálach a chur chun cinn, measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn gach leanbh, agus freastal ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí uile. Agus sin sula gcuirimid san áireamh na dúshláin ar leith atá le sárú ag múinteoirí i ranganna ilghráid....

## Céard le déanamh anois?

Mar is féidir leat a fheiceáil, leag Céim 2 den athbhreithniú béim ar a lán buaicphointí in eispéiris scoileanna leis an gcuraclam Gaeilge, eolaíochta agus OSPS. Bhí pointí ísle ann freisin. Faoi láthair, tá bileog á cur le chéile againn a dhéanann achoimre níos mionchruinne orthu sin agus, an rud is tábhachtaí, a leagann amach céard atá beartaithe againn a dhéanamh fúthu. Tá súil againn í sin a sheoladh chuig gach scoil níos déanaí i mbliana. Idir an dá linn, má theastaíonn uait níos mó a fhoghlaim is féidir leat féachaint ar an tuarascáil deiridh ar Chéim 2 den Athbhreithniú ar Churaclam na Bunscoile agus ar an tuarascáil deiridh ar Chéim 1 den taighde coimisiúnaithe, *Science in the Primary School*, ar láithreán gréasáin na CNCM ag **www.ncca.ie**.

# Céard é faoin...athrú?

**Conas a d'fhreagair tú do na hathruithe a tharla le déanaí ar an gcuraclam a n-oibríonn tú leis nó ar na cuir chuige a úsáideann tú chun dul chun cinn foghlaimeoirí a mheasúnú, nó ar na bealaí a dhéanann tú teagasc agus foghlaim?**

## Athrú éifeachtúil

Ní theastaíonn uainn rudaí a athrú ar mhaithe leis an athrú féin. Ba bhreá linn uile athruithe níos éifeachtúla a chur i bhfeidhm dá gciallódh sé sin go gcuirfí feabhas ar eispéireas oideachais an fhoghlaimeora nó go mbeadh an scoil go ginearálta níos fearr ag na rudaí a dhéanann sí. Cad iad na gnéithe atá riachtanach chun athrú éifeachtúil a chur i bhfeidhm? Céard atá ag teastáil chun fíor-athrú domhain, buan a bhaint amach san oideachas? Sin iad na ceisteanna atá á bplé ag an CNCM le tamall anuas. Le blianta beaga anuas, tá an CNCM tar éis obair níos dírí a dhéanamh le scoileanna ar raon athbhreithnithe agus forbairtí curaclaim agus measúnachta, agus mar sin tá tuiscint níos fearr againn anois ar roinnt de na gnéithe atá riachtanach chun athrú i scoileanna a threorú agus chun tacú leis.

## Ár gcuid oibre le scoileanna – conas a thug sé treoir dúinn

Le deireanas d'oibrigh an CNCM go díreach le scoileanna agus líonraí scoileanna i roinnt réimsí. Ag leibhéal na bunscoile, bhí obair le scoileanna dírithe ar thaighde agus athbhreithniú ar **Churaclam na Bunscoile**. Ag leibhéal iar-bhunscoile, rinneadh dhá thionscnamh le raon múinteoirí ábhair agus scoileanna chun a fháil amach conas is féidir **measúnú chun foghlama** i dtionscnamh amháin, agus **príomhscileanna** sa tionscnamh eile, a leabú go héifeachtúil i dteagasc agus foghlaim laethúil sa seomra ranga. Bhí baint dhíreach ag roinnt scoileanna líonra le forbairt curaclaim trí **idiraonaid** a ghiniúint dá gClár Idirbhliana. Bhí roinnt eile ag féachaint ar fhorbairt **próifílí foghlama**/cláir oideachais i gcomhthéacs an mhíbhuntáiste oideachais. Bhí an obair seo le scoileanna bunaithe ar thaighde agus ar smaointeoireacht idirnáisiúnta faoi nádúr an athraithe oideachais agus faoin ról lárnach atá ag múinteoirí agus scoileanna san athrú sin.

## Tionscadal Mata – smaointeoireacht nua faoi conas athrú a threorú agus conas tacú leis

Seans go bhfuil *Tionscadal Mata* ar an léiriú is láidre de roinnt den smaointeoireacht nua faoi athrú a threorú agus tacú leis. I d*Tionscadal Mata* glacfaidh scoileanna páirt dhíreach ón tús i bhforbairt churaclaim na sraithe sóisearaí agus na sraithe sinsearaí, i bhforbairt measúnaithe, i nginiúint agus cur i bhfeidhm tacaíochta gairmiúla, agus i gcur i bhfeidhm an athraithe leis na daltaí. Ar roinnt bealaí, is féidir féachaint ar *Tionscadal Mata* mar an chéad iarracht atá á déanamh chun an coincheap 'athrú i scoileanna a threorú agus tacú leis' a chur in ionad an choincheapa 'cur i bhfeidhm athraithe ón mbarr anuas'.

## Prionsabail an athraithe

Mar gheall ar an obair dhíreach atá déanta againn le scoileanna, bhaineamar triail as roinnt prionsabal a bhailiú a chuireann bonn faoin smaoineamh maidir le hathrú i scoileanna a threorú agus tacú leis. D'fhéadfadh na prionsabail sin, i measc nithe eile, rannchuidiú leis an díospóireacht leanúnach sa chóras oideachais faoi conas fíor-athrú domhain, buan a bhaint amach. Tá siad dírithe ar an bprionsabal bunúsach go dtarlaíonn an fíor-athrú ag leibhéal na scoile, trí mheán an mhúinteora agus an fhoghlaimeora.

## Tuilleadh faisnéise

San alt gearr seo ní féidir linn ach buneolas gearr faoin ábhar seo a chur ar fáil, ach tá cuntas níos mó ar phrionsabail athraithe na CNCM ar fáil ar láithreán gréasáin na CNCM, **www.ncca.ie**, i bpáipéar ar a dtugtar *Leading and Supporting Change in Schools*. Táimid ag tnúth go mór le do thuairimí a chloisteáil. Déan teagmháil linn ag an seoladh **newsletter@ncca.ie**.

# Tuairisciú do thuismitheoirí

## Teimpléid ar líne...treoir thapa

### Anois tá Teimpléid Chártaí Tuairisce athbhreithnithe do bhunscoileanna ar fáil ar láithreán gréasáin na CNCM, www.ncca.ie.

San alt seo tá treoir ghairid faoin méid atá ar fáil iontu do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí.

### Tá naoi dteimpléad ann... cén fáth?

Má léann tú an t-alt in **info@ncca**, Eagrán 9, Aibreán 2008 – atá ar fáil ar **www.ncca.ie** – is éasca a fheiceáil go gcomhaontaíonn múinteoirí agus tuismitheoirí go ginearálta faoin tábhacht a bhaineann le tuairisc a thabhairt faoi **cheithre phríomhréimse** i ngnóthachtáil agus dul chun cinn an linbh:

- an leanbh mar fhoghlaimeoir
- forás sóisialta agus pearsanta an linbh
- foghlaim an linbh trasna an churaclaim
- conas is féidir le tuismitheoirí tacú le foghlaim an linbh.

Cinnte, tá sé sin go maith...ach níl sa cheist faoi céard a bheidh sa tuairisc ach céim amháin sa phróiseas. Gan amhras, ní dócha go mbeidh an leibhéal comhaontaithe céanna faoi conas tuairisc a thabhairt. Nuair a d'oibríomar le múinteoirí agus le tuismitheoirí chun teimpléid do thuairisciú a fhorbairt, leagadh béim ar roinnt cuir chuige éagsúla, agus tá na cuir chuige sin léirithe sna teimpléid reatha atá curtha ar fáil againn.

### An bhfuil na naoi dteimpléad go hiomlán difriúil?

Níl na teimpléid go hiomlán difriúil óna chéile. Tugann siad rogha faoi conas **an dá chur chuige tuairiscithe** phríomhúla a theaglamú - an cur chuige a úsáideann **modh an bhosca tic** nó scála chun gnóthachtáil nó dul chun cinn linbh a léiriú agus an cur chuige a úsáideann **modh thuairim an mhúinteora** chun na rudaí sin a chur in iúl.

***Modh an 'bhosca tic' le spás do thuairimí an mhúinteora***

| **Matamaitic** | ★ | ★ | ★ | ★ | ★ |
|---|---|---|---|---|---|
| Tuiscint agus cuimhneamh | | | | | |
| Leas a bhaint as nósanna | | | | | |
| Réasúnaíocht agus réiteach | | | | | |
| Míniú agus cumarsáid | | | | | |
| | | | | | |

***Modh 'thuairim an mhúinteora'***

| **Ag foghlaim agus ag oibriú le Matamaitic** |
|---|
| |

Mar sin, cuireann na teimpléid rogha leathan ar fáil trí na cuir chuige bhunúsacha sin a theaglamú ar bhealaí éagsúla. Má thugann tú sracfhéachaint ar na teimpléid ar líne, feicfidh tú go bhfuil raon leathan de theaglamaí éagsúla sna naoi dteimpléad difriúla.

### An féidir le scoil an teimpléad a roghnaíonn sí a 'phearsantú'?

Is féidir, beagán! Tá an spás ar an gclúdach tosaigh mar an gcéanna sna teimpléid uile agus féadfaidh scoileanna é sin a oiriúnú trí struic na scoile, sonraí teagmhála agus mar sin de a chur air. Ansin is féidir an clúdach oiriúnaithe a chur ar aon cheann de na naoi dteimpléad atá ar fáil as Béarla agus as Gaeilge.

### An bhfuil aon ábhair tacaíochta ar fáil leis na teimpléid?

Tá dhá bhileog eolais/threoir ar an láithreán gréasáin, ceann amháin do scoileanna agus múinteoirí agus ceann amháin do thuismitheoirí. Tá bileog na scoile dírithe ach go háirithe ar na múinteoirí atá ag baint úsáide as an gcur chuige tuairiscithe oscailte, a bhaineann le tuairimí an mhúinteora, agus ar bhreá leo roinnt leideanna a fháil faoi na réimsí a d'fhéadfaidís a chuimsiú faoi gach ceannteideal. Tá sé ar fáil as Béarla agus as Gaeilge.

Tá sé d'aidhm ag an mbileog do thuismitheoirí na teachtaireachtaí sa tuairisc a dhéanamh níos inrochtana agus níos intuigthe. Tá sé ar fáil as Béarla agus as Gaeilge agus i roinnt teangacha eile chun tacú le tuismitheoirí nach bhfuil Béarla ná Gaeilge mar mháthairtheanga acu.

### An féidir na teimpléid a úsáid do na ranganna uile agus chun tuairisciú a dhéanamh ag amanna éagsúla le linn na scoilbhliana?

Is féidir na teimpléid a úsáid leis na ranganna uile ó na ranganna naíonán go rang a sé, ach is féidir le múinteoirí féachaint orthu agus cinneadh a dhéanamh faoin teimpléad/ faoi na teimpléid is oiriúnaí dá scoil agus dá rang ar leith. Ar an dul céanna, is féidir na teimpléid a úsáid chun tuairisc a thabhairt i lár na bliana nó ag deireadh na bliana.

### Agus d'fhéadfá tuairisc a thabhairt dúinn...

Teastaíonn uainn aiseolas a bhailiú faoi na teimpléid agus faoi na bileoga eolais ina dteannta. Tá foirm aiseolais ghearr ar láithreán gréasáin na CNCM chun na críche sin. Ba bhreá linn é dá n-úsáidfeá an fhoirm seo chun tuairim a thabhairt faoi d'eispéiris leis na teimpléid, agus faoi conas ar féidir linn feabhas a chur orthu sa todhchaí.